Uimhir 15 *de* 2017

An tAcht um Fhorbairt Peitriliam agus Mianraí Eile (Toirmeasc ar Scoilteadh Hiodrálach i dTír Mór), 2017

[*An tiontú oifigiúil*]

Uimhir 15 *de* 2017

AN tACHT UM FHORBAIRT PEITRILIAM AGUS MIANRAÍ EILE (TOIRMEASC AR SCOILTEADH HIODRÁLACH I dTÍR MÓR), 2017

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Leasú ar an Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960

2. Gearrtheideal

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960 (Uimh. 7)

An tAcht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006 (Uimh. 8)

Uimhir 15 *de* 2017

AN tACHT UM FHORBAIRT PEITRILIAM AGUS MIANRAÍ EILE (TOIRMEASC AR SCOILTEADH HIODRÁLACH I dTÍR MÓR), 2017

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960 chun socrú a dhéanamh maidir le toirmeasc ar pheitriliam i dtír mór a thaiscéaladh agus a astarraingt trí scoilteadh hiodrálach; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[6 *Iúil* 2017]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Leasú ar an Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960

1. Leasaítear Cuid II den Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960 tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil II:

"CAIBIDIL IIA

Scoilteadh Hiodrálach

Mínithe

5A. Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn 'achtachán'—

(a) Acht den Oireachtas,

(b) reacht a bhí i bhfeidhm i Saorstát Éireann díreach roimh an dáta a tháinig an Bunreacht i ngníomh agus a leanann i bhfeidhm de bhua Airteagal 50 den Bhunreacht, nó

(c) ionstraim arna déanamh faoi Acht den Oireachtas nó faoi reacht dá dtagraítear i mír (b);

ciallaíonn 'scoilteadh hiodrálach' scoilteanna meicniúla a ghiniúint i gcarraig faoin dromchla tríd an bpróiseas fisiciúil arb éard é leacht a chaidéalú faoi ardbhrú isteach sa charraig trí thollapholl peitriliam chun sreabhadh peitriliam idir an charraig agus an tollapholl peitriliam a fheabhsú;

tá le 'uiscí inmheánacha' an bhrí chéanna atá leis i gCuid 3 den Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006;

ciallaíonn 'tollapholl peitriliam' tolladh nó tochailt eile i bhforscreamh na talún chun peitriliam a chuardach nó a astarraingt.

Toirmeasc ar scoilteadh hiodrálach

5B. (1) D'ainneoin aon ní san Acht seo nó in aon achtachán nó riail dlí eile, ní dleathach do dhuine peitriliam a chuardach, a fháil, a ardú, a thógáil, a thabhairt chun siúil ná a oibriú trí scoilteadh hiodrálach.

(2) Maidir leis an toirmeasc i bhfo-alt (1)—

(a) beidh feidhm aige maidir le peitriliam atá suite sa Stát, lena n-áirítear na huiscí inmheánacha, agus

(b) ní bheidh feidhm aige maidir le peitriliam atá amach ón gcósta.

Cion agus pionós

5C. Aon duine a sháróidh alt 5B, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.".

Gearrtheideal

2. Féadfar an tAcht um Fhorbairt Peitriliam agus Mianraí Eile (Toirmeasc ar Scoilteadh Hiodrálach i dTír Mór), 2017 a ghairm den Acht seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

———————

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€0.76

Wt. _. 49. 10/20. Essentra. (67190). Gr.30-15.

ISBN 978-1-4468-6011-3